



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

---

**STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL**  
(NÁ cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)


---

**FOINSÍ**

---

## 1. PICTIÚIR

### PICTIÚR A.




**Foinse :** Liam Blake/ Real Ireland Design Ltd

[Thall

PICTIÚR B.

X →



← Y

Foinse: [www.corbis.com](http://www.corbis.com)

## PICTIÚR C1



## PICTIÚR C2



Foinse: [www.imagesonline.bl.uk/britishlibrary/](http://www.imagesonline.bl.uk/britishlibrary/)

[Thall

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

#### **Tógadh an sliocht seo as cuntas Chríostóir Colambas ar a thuras farraige i 1492.**

*Dé Domhnaigh, 14 Deireadh Fómhair.* Ar maidin, thug mé ordú na báid a dhéanamh réidh agus chuamar soir ó thuaidh feadh chósta an oileáin chun an chuid sin de a scrúdú, tar éis dúinn dul i dtír i dtosach ar an taobh thoir. Go luath ina dhiaidh sin chonaiceamar dhá cheann nó trí cinn de shráidbhailte, agus tháinig na daoine go léir síos go dtí an trá agus iad ag gaoch orainn agus ag gabháil buíochais le Dia.

Thug cuid acu uisce chugainn agus cuid eile acu bia. Bhí daoine eile a léim isteach san fharraige agus a shnámh amach chugainn nuair a thugadar faoi deara nár theastaigh uaim dul i dtír. Tháinig seanfhear ar bord mo bháidse agus bhí daoine eile ann, idir fhir agus mhná, a liúigh amach in ard a gcinn is a ngutha- “tagaigí go bhfeicfidh sibh na fir atá tar éis teacht ó na flathis. Tugaigí stór agus bia chucu”.

Bhuail mé chun siúil ar maidin, mar theastaigh uaim tuarascáil iomlán a thabhairt do bhur Soilse agus chomh maith leis sin a fháil amach cén áit a bhféadfaimis dún a thógáil. Ach, ní dóigh liom anois gur gá an áit a dhaingniú mar gur beag eolas atá ag na daoine anseo ar chúrsaí cogaidh.

Feicfidh bhur Soilse é seo ón seachtar fear a gabhadh de réir mo chuid orduithe agus a tugadh go dtí an Spáinn ionas go bhféadfaidís ár dteanga a fhoghlaim agus teacht ar ais. D’fhéadfainn buachan orthu go léir le caoga fear agus iad a rialú mar ba mhaith liom.

### DOICIMÉAD 2

#### **Sliocht is ea é seo as “A Country Boy” le Tom Lynam. Cuntas ó fhinné súl is ea é ar a shaol i mBaile Átha Cliath i rith na hÉigeandála, 1939-1945.**

Ní raibh mé buartha mar gheall ar an gcogadh. Anois is arís d’fhéadfá fothram na n-eitleán a chloisteáil istoiche agus bhíodh daoine ag caint faoi agus mar gheall ar na buamaí a thit nó mar gheall ar na buamaí a thit trí oíche roimhe sin. Ní raibh na buamaí ag titim i mBaile Átha Cliath; bhíodh na heitleáin ag eitilt os ár gcionn agus ag imeacht leo agus ag caitheamh buamaí ar Bhéal Feirste b’fhéidir, nó áit éigin. Ach chloisfeá na heitleáin ag teacht.

D’fhanfá istigh sa teach gan aon solas lasta. Ní bhíodh soilse ar siúl againn tar éis titim na hoíche. Is cinnte nach mbeadh siad á mbladhmadh agat ná aon rud dá leithéid. I ndeireadh na bliana 1940 áfach, bhí roinnt áirithe buamaí a thit in áiteanna éagsúla den tír. Bhí ceann amháin i Loch Garman, ach níor chualamar mórán de na sonraí faoi sin. Ansin gairid don Nollaig chonaic daoine i nDún Laoghaire buamaí ag pléascadh in aice an chósta agus rinneadh damáiste i gContae na Mí sa bhliain nua.

Ceapaim go raibh na Gearmánaigh ag iarraidh Éire a tharraingt isteach sa chogadh, b’fhéidir gurb é Sasana a bhí ag cur brú ar Éirinn ionas go rachadh sí isteach sa chogadh. Ní bheadh a fhios agat céard a bhí ag tarlú. Bhíomar neodrach agus níor thaitin sé sin leo. Nuair a fógraíodh an cogadh, dúirt de Valera go bhfanfadh Éire neodrach.

Ach bhí an scéal go dona agus chuirfeadh sé eagla ort agus bhí scanradh ar na daoine tar éis oíche na mbuamaí móra i mBaile Átha Cliath. Thall ar an Trá Thuaidh in aice leis na Five Lamps scaoileadh buama ollmhór anuas agus mharaigh sé ocht nduine is tríocha. Gortaíodh níos mó ná céad duine. Thit buamaí eile thart ar Chnoc an tSamhraidh agus ar an gCuar-bhóthar Thuaidh. Scríosadh nó rinneadh damáiste freisin do thimpeall trí chéad teach an oíche sin. Na buamaí a thit i bPáirc an Fhionnuisce an oíche sin, rinne siad damáiste do chuid den zú, agus shéid siad na fuinneoga isteach in Áras an Uachtaráin agus in Ambasáid Mheiriceá.